

Lógó Nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe



Eochairfhocail: branda, athbhrandáil, suaithantas

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth ar ghairm Méara na Gaillimhe cruinniú?
2. Cén áit a raibh slua breá daoine cruinnithe le chéile chun a míshástacht maidir le branda nua na cathrach a léiriú?
3. Conas a bhraiteann Fergus McGinn agus Séamus Ó Tuathail maidir leis an suaithantas nua?
4. Cárbh as don fhear a rinne an dearadh ar an suaithantas atá in úsáid faoi láthair?
5. Cén ceiliúradh a bhí ar siúl i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1984?
6. Cén t-ábhar gearáin atá ag na daoine atá i gcoinne an bhranda nua?
7. Cad a dhéanann an comhlacht Beilgeach Gondella?
8. 1.Cé acu ceann den dá shuaithantas nó den dá G atá le feiceáil sa mhír nuachta is mó a thaitníonn leat féin? Cén fáth?



Lógó Nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe



Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Ceartaigh na botúin

Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach i (1)Gaillimh lógó oifigiúil na cathrach a athrú. Tá an lógó atá in úsáid faoi láthair ann le fada fíorach an (2)lae. Tá cuid mhaith (3)do lucht gnó na cathrach i gcoinne an athraithe seo. Tá siad (4)sasta leis an lógó reatha agus (5)deireann siad gur cheart é a fhágáil mar atá. Chomh maith (6)le sin, tá sé tugtha faoi deara ag daoine go bhfuil an G nua a theastaíonn ó Chomhairle na Cathrach a úsáid fíorchosúil go deo leis an G a (7)baineann le comhlachtaí áirithe atá lonnaithe thar lear. Ní fios go baileach ag an (8)pointe seo cén deireadh a bheidh leis an scéal suimiúil seo.

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Samhlaigh gur comhairleoir tú ar Chomhairle na Cathrach i nGaillimh. Tá tú ar son an lógó a athrú. Scríobh óráid ghearr chun do thuairim a chur in iúl. Is leor 150 focal don óráid. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Tá athrú de dhíth go géar	Spéis daoine a mhúscailt
Lógó seanfhaiseanta	Turasóirí a mhealladh
Athbhrandáil	Os cionn daichead bliain ó shin
Suirbhé/ceistneoir	An todhchaí

Lógó Nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Chun an chonspóid a bhaineann le branda nua na cathrach a phlé
2. Oifigí chomhairle na cathrach
3. An-mhí-shásta faoi
4. Gaillimh
5. Ceiliúradh 500 bliain
6. Deir siad go bhfuil sé an-chosúil le suaitheantais an-chuid comhlachtaí thar sáile
7. Bíonn siad ag feistiú siopaí

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: ceartaigh na botúin.

Tá sé i gceist ag Comhairle na Cathrach i nGaillimh lógó oifigiúil na cathrach a athrú. Tá an lógó atá in úsáid faoi láthair ann le fada fíorach an lá. Tá cuid mhaith de lucht gnó na cathrach i gcoinne an athraithe seo. Tá siad sásta leis an lógó reatha agus deir siad gur cheart é a fhágáil mar atá. Chomh maith leis sin, tá sé tugtha faoi deara ag daoine go bhfuil an G nua a theastaíonn ó Chomhairle na Cathrach a úsáid fíorchosúil go deo leis an G a bhaineann le comhlachtaí áirithe atá lonnaithe thar lear. Ní fios go baileach ag an bpointe seo cén deireadh a bheidh leis an scéal suimiúil seo.

